Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**16771/25**
**ADD 1 REV 1 (fr,de,it,nl,da,el,es,pt,fi,sv,cs,et,lv,lt,hu,mt,pl,sk,sl,bg,ro,hr,ga)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0394(COD)**

**SIMPL 209**
**ANTICI 213**
**ENV 1383**
**ENT 284**
**MI 1054**
**IND 614**
**COMPET 1342**
**SAN 837**
**AGRI 710**
**CODEC 2125**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 986 final/2 - Annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN I IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha 2008/98/CE, 2010/75/AE, (AE) 2015/2193 agus (AE) 2024/1785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le simpliú ceanglas áirithe agus laghdú ar an ualach riaracháin. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 986 final/2 - Annex

---

Faoi iamh: COM(2025) 986 final/2 - Annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.12.2025
COM(2025) 986 final/2

ANNEX 1

CORRIGENDUM

This document corrects document COM(2025) 986 final of 10.12.2025.

Concerns the German language version.

Wrong numbering in Annex I.

The text shall read as follows:

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoracha 2008/98/CE, 2010/75/AE, (AE) 2015/2193 agus (AE) 2024/1785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le simpliú ceanglas áirithe agus laghdú ar an ualach riaracháin.**

# IARSCRÍBHINN I

1. In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2010/75/AE,

   cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.2:

   ‘2.2. Iarann nó cruach a tháirgeadh (comhleá príomhúil nó tánaisteach), lena n-áirítear teilgean leanúnach, lena ngabhann acmhainneacht is mó ná 2,5 tona in aghaidh na huaire’;

2. In Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Treoir 2010/75/AE,

   a) comhlánaítear Pointe 2 le tríú habairt mar a leanas:

   ‘Eisiatar gníomhaíochtaí tógála a dhéantar faoi chórais táirgthe orgánaigh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848.’

   b) Sa chéad abairt de phointe 3, cuirtear na focail ‘nó béaróga nó catagóirí eile éanlaithe clóis’ isteach i ndiaidh ‘cé is moite de mhuca a thógáil’.

   c) Laistigh den roinn maidir le leibhéal Aonaid Beostoic suiteála, cuirtear ‘bainbh scoite ≤ 20 kg … 0,027’ in ionad ‘Bainbh ≤ 20 kg … 0,027’.

3. Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2010/75/AE mar a leanas:

(a) i gCUID 1, leasaítear pointe 6 mar a leanas:

sa tábla, an dara colún, cuirtear fonóta (5) isteach sa chéad, sa tríú, sa chúigiú agus sa séú ró:

| | NOx | CO |
|---|---|---|
| **Gléasraí dócháin ina ndóitear gás nádúrtha, cé is moite de ghástuirbíní agus innill gháis** | 100 | 100 |
| **Gléasraí dócháin ina ndóitear gás foirnéise soinneáin, gás soirn cóic nó gáis chalracha ísle a thagann as iarmhair scaglainne a ghású, cé is moite de ghástuirbíní agus innill gháis** | 200(4)(5) | — |
| **Gléasraí dócháin ina ndóitear gáis eile, cé is moite de ghástuirbíní agus innill gháis** | 200(4)(5) | — |
| **Gástuirbíní (lena n-áirítear Gástuirbín Comh-Thimthrialla), ina n-úsáidtear gás nádúrtha (1) mar bhreosla** | 50(2)(3) | 100 |
| **Gástuirbíní (lena n-áirítear Gástuirbín Comh-Thimthrialla), ina n-úsáidtear gáis eile mar bhreosla** | 120(5) | — |
| **Innill gháis** | 100(5) | 100 |

Is mar a leanas atá an fonóta sin:

'(5) Níl feidhm ag an teorainnluach astaíochta maidir le gléasraí dócháin ina ndóitear gás ina bhfuil níos mó ná 20 % de hidrigin (de réir toirte). Sa chás sin, áiritheoidh na Ballstáit nach méadaítear an t-ualach foriomlán NOx a scaoiltear isteach san aer ar deireadh i gcaitheamh bliain amháin i gcomparáid leis an gcás inar lean na hastaíochtaí ón tsuiteáil lena mbaineann de bheith i gcomhréir le teorainnluachanna astaíochtaí a leagtar amach sa phointe seo le haghaidh

NOx le haghaidh dóchán gáis nádúrtha, gan dochar do bhearta níos déine a cheanglaítear de bhun Airteagal 18.';

(b) i bpointe 6 de CHUID 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach ag deireadh an phointe sin:

'Níl feidhm ag an teorainnluach astaíochta maidir le gléasraí dócháin ina ndóitear gás ina bhfuil níos mó ná 20 % de hidrigin (de réir toirte). Sa chás sin, áiritheoidh na Ballstáit nach méadaítear an t-ualach foriomlán NOx a scaoiltear isteach san aer ar deireadh i gcaitheamh bliain amháin i gcomparáid leis an gcás inar lean na hastaíochtaí ón tsuiteáil lena mbaineann de bheith i gcomhréir le teorainnluachanna astaíochtaí a leagtar amach sa phointe seo le haghaidh NOx, gan dochar do bhearta níos déine a cheanglaítear de bhun Airteagal 18.';

(c) i gCUID 4, cuirtear isteach na pointí 3 go 5 seo a leanas:

'3. Déanfar torthaí na dtomhas a chaighdeánú ag an gcion caighdeánach $O_2$ a luaitear i gCuid 1 agus Cuid 2 tríd an bhfoirmle seo a leanas a chur i bhfeidhm:

$$E_S = \frac{21 - O_S}{21 - O_M} \times E_M$$

$E_S$ = calculated emission concentration at the standard percentage oxygen concentration

$E_M$ = measured emission concentration

$O_S$ = standard oxygen concentration

$O_M$ = measured oxygen concentration

4. Nuair a tharlaíonn dóchán breosla in atmaisféar breis ocsaigine, is féidir torthaí na dtomhas a chaighdeánú ag cion ocsaigine arna leagan síos ag an údarás inniúil lena léirítear imthosca speisialta an cháis ar leith. Nuair a laghdaítear astaíochtaí substaintí truaillitheacha trí chóireáil dramhgháis, ní dhéanfar an caighdeánú i leith an chion ocsaigine dá bhforáiltear i bpointe 3 ach amháin má sháraíonn an cion ocsaigine arna thomhas thar an tréimhse chéanna leis an tsubstaint thruaillitheach lena mbaineann an cion caighdeánach ábhartha ocsaigine.

5. I gcás ina gcuirtear ocsaigin in ionad an aeir chomhthimpeallaigh ina iomláine, measfar gur comhlíonadh na teorainnluachanna astaíochta dá dtagraítear in Airteagal 30 mura bhfuil na hastaíochtaí níos airde ná na hastaíochtaí ó dhóchán an bhreosla ar leith ag an gcion caighdeánach $O_2$.'.